

Baile Átha Troim

1.0 Réamhrá

Soláthróidh an ráiteas scríofa seo cur síos gairid agus straitéis forbartha do Bhaile Átha Troim. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

2.0 Comhthéacs/Carachtar an Bhaile

Tá an-suntas oidhreachta ag baint le baile meánaoiseach múrtha Átha Troim agus tá sé suite thart ar 14 km ón Uaimh agus 20 km ó Dhún Seachlainn. Tá na sochair a bhaineann lena bheith suite i suíomh mealltach cois bhruach na Bóinne á mbreith ag an mbaile. Meallann an baile agus Caisleán Bhaile Átha Troim breis agus 100,000 cuairteoir in aghaidh na bliana agus tá cáil dhomhanda air.

Aithnítear Baile Átha Troim chun é a chur san áireamh maidir leis an gCiste um Athnuachan agus Fhorbairt Uirbeach mar gheall ar an ardleibhéal d'fhostaíocht sa bhaile. Tá réimse fiontar i lár an bhaile chomhtháite mhealltaigh, ag tacú le deiseanna fostaíochta. Tá criosuithe fiontar ag Páirc Ghnó Oaktree, Páirc Ghnó Bhaile an Scríolgaigh agus tailte fostaíochta ar an taobh theas de Bhóthar na hUaimhe freisin.

Cé nach bhfuil rochtain dhíreach aige ar mhótarbhealach ná líne iarnróid, tá an baile gar do líonra náisiúnta bóithre, agus nasctha go dlúth leis an Uaimh agus le Dún Seachlainn ar chonair an M3 agus ar chonair an M4 i gContae Chill Dara ó dheas.

Bhí fás 11% ar an daonra cónaitheach le linn na mblianta idir daonáirimh 2011 agus 2016.

Áit san Ordthathas Lonnaíochta	Lárionad Fáis Fhéinchothaithe
2016 Daonra	9,194
2011 Daonra	8,268
Athrú Céatadáin 2011-2016	11%
Soláthar tithíochta 2016	3,335
Líon aonad críochnaithe 2016-2019	31
Aonaid a gealladh nár tógadh go fóill	437
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026	1,333 aonad Áirítear air sin 437 aonad ar ann dóibh ach nach raibh tógtha agus é seo á scríobh
Réamh-mheastachán Daonra 2026	2,250
Oibríthe Cónaitheacha 2016	3,733
Líon Iomlán Post 2016	2,500
Cóimheas Post – Fórsa Saothair 2016	0.67
Dlús molta forbairtí amach anseo	35 aonad/heic
Saoráidí Oideachais	6 agus roghanna cúraim leanaí
Saoráidí Pobail	9

Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAnna)	Tá dhá Limistéar Caomhantais Ailtireachta sa lonnaíocht: LCA Croílár Stairiúil Bhaile Átha Troim. Tá formhór lár reatha an bhaile sa LCA seo. Síníonn LCA Porchfield Bhaile Átha Troim ó oirthear an bhaile a bhfuil go leor struchtúr stairiúil agus tá sé mar spás poiblí oscailte/fóillíochta.
Déanmhais Chosanta	100
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Sin atá ann
Láithreáin Natura 2000	Is ann dóibh - tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne & na hAbhann Duibhe suite i limistéar na lonnaíochta.
Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile	An priacal tuile agus an fhorbairt a bhainistiú igcomhréir leis na beartais agus na cuspóirí ceadaithe mar a leagtar amach iad in Imleabhar 1 Caibidil 6: Bonneagar. Ní mór do thograí maidir le tailte B1 neamhfhorbartha aird a thabhairt ar an gcur chuige seicheamhach agus forbairt atá comhoiriúnach le huisce a leithdháileadh laistigh de Chriosanna Tuile A agus gach cuid/cuid de Chrios B nuair is féidir. Cé go bhféadfadh sé a bheith inghlactha athphróifiliú a dhéanamh ar thailte sa limistéar sin, ní bheadh líonadh talú gan stóráil chúiteach ceadaithe. Ní mór go mbeadh Measúnacht ar Phriacal Tuile a bheadh mionsonraithe go leordhóthanach in éineacht le hiarratais phleanála laistigh den limistéar sin agus ar aon athfhorbairt/síneadh/athrú úsáide laistigh de thailte lár an bhaile i gCrios Tuile A/B.
Bonneagar/Toilleadh Seirbhísí Uisce	Ionad Cóireála Bhaile Átha Troim a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Troim. Freastalaíonn an t-ionad sin ar Chnoc an Línsigh agus ar Ráth Moliain freisin. Tá an toilleadh breise teoranta. Tá roinnt srianta ar an líonra. Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Átha Troim – toilleadh teoranta ar fáil

2.0 Fís

‘Go mbeadh Baile Átha Troim ina bhaile mealltach oidhreachta a bhfuil eacnamaíocht éagsúil chomhaimseartha agus lár beoga a théann lena oidhreacht shuntasach chultúrtha náisiúnta agus a shuíomh álainn in aice le Caisléan stairiúil suntasach Bhaile Átha Troim agus leis an mBóinn’.

3.0 Deiseanna

- Lár uirbeach d’ardchaighdeán a bhfuil timpeallacht iontach agus áiseanna ar fheabhas timpeall pháirc phoiblí mhór ag Porchfields.
- Suíomh príomhúil in Oirthear Ársa na hÉireann, mar sin de, tá acmhainneacht ann chun líon na dturasóirí a mhéadú leis an bhforáil le haghaidh áiseanna agus eispéreas feabhsaithe do chuirteoirí. Príomhghné na straitéise seo is ea togra ionad na gcuirteoirí don chaisleán.

- Tá scéim phleanála Cuid VIII i bhfeidhm le haghaidh athrú agus forleathnú na leabharlainne reatha i mBaile Átha Troim chun áis halla éisteachta ilfheidhmiúla a chruthú agus spás stiúideo/taispeántais a chur in iarShéipeal Naomh Pádraig in aice láimhe.
- Bunáit fostaíochta den chéad scoth le toilleadh i bpáirceanna gnó atá ann cheana, agus mar sin de, tá acmhainneacht ann cheana chun dul i ngleic le leibhéal arda comaitéireachta ag fágáil an bhaile, agus foráil a dhéanamh le haghaidh lonnaíochta níos inmharthana.
- Pobal ‘cónaitheach oibre’ a chruthú ar thailte ar bhóthar na hUaimhe a sholáthraíonn an nasc ar an mbóthar idir an Uaimh agus Baile Átha Cliath, bunghné an bhonneagair don bhaile.

4.0 Straitéis Úsáide Talún

Díríonn an straitéis um Úsáid Talaimh ar fhorbraíocht chomhtháite uirbeach a bhfuil meas aige ar ghnéithe agus ar shaintréithe oidhreachta Bhaile Átha Troim. Tacaíonn an straitéis um úsáid talaimh le forbairt an táirge turasóireachta lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Togra le haghaidh Ionad Cuairteoirí ag Teach an Mhargaidh;
- Ionad Cultúrtha ag an leabharlann;
- Tionscadal Seandálaíochta Phobal na mBráithre Dubha;
- Féile Púca.

5.0 Lonnaíocht agus Tithíocht

Bhí fás suntasach ar dhaonra Bhaile Átha Troim idir 2011 agus 2016, le taifead ar breis agus 9,000 cónaitheoir in 2016. Freastalóidh tailte cónaitheacha sa deisceart agus san oirthear, chomh maith le comhdhlúthú thailte fostaíochta sa tuaisceart, ar mheastacháin mheasártha fáis don bhaile. Ina theannta sin, tugann lár an bhaile agus imeall an láir deiseanna do mhaireachtáil uirbeach le dlús níos airde a mbeidh a dhearadh agus a leagan amach ag teacht le stádas oidhreachta an bhaile.

An léithdháileadh teaghlaigh le haghaidh Bhaile Átha Troim suas go dtí 2026 ná 1,333 teaghlach. Tá ceaduithe ar fáil le haghaidh 437 aonad atá suite thar líon láithreán éagsúil. Coinníonn tailte cónaitheach suite ar an taobh thiar theas de Bhaile Átha Troim (déanann Máistirphlean 2 tagairt dó) a chrios chónaithe um úsáid talaimh chun cloí leis an léithdháileadh teaghlaigh. Aithníodh tailte cónaitheacha breise ar an taobh thoir de lár an bhaile (déanann Máistirphlean 1 tagairt dó) ar córas príomhúil é le haghaidh soláthar bonneagair chriticiúil ag nascadh Bóithre na hUaimhe agus Bhaile Átha Cliath. Meastar gur suíomh cuí iad na tailte seo chun pobal ‘cónaitheach oibre’ inmharthana a fhorbairt ag díriú ar réimse úsáidí lena n-áirítear fiontar agus fostaíocht, agus forbraíocht fóillíochta agus chónaitheach. Rachaidh forbraíocht chónaitheach sa suíomh seo i ngleic leis an nganntanas reatha maidir le tithíocht sa Stíl Fheidhmeannach i mBaile Átha Troim. Tá sé i gceist go soláthródh forbraíocht ag an suíomh seo cothromaíocht maidir le criosanna um úsáid talaimh chun críche fostaíochta agus cónaitheacha laistigh den lonnaíocht chun leas shuíomh straitéiseacha na dtailte seo a uasmhéadú. Braithfidh aon fhorbraíocht ar na tailte seo ar ullmhúchán Máistirphlean a theastódh comhaontú scríofa ó choiste feidhmiúcháin an Údaráis Phleanála uaidh chomh maith le forbairt úsáidí fostaíochta i dteannta le forbraíocht chónaitheach.

Mar a leagtar síos sa Straitéis Lonnaíochta agus Tithíochta in Imleabhar 1 aithníodh líon ionaid lonnaíochta mar ionaid atá cuspóirí á dteastáil uathu chun cabhrú le tithíocht shóisialta a sholáthar. Is ceann de na hionaid seo é Baile Átha Troim a bhfuil soláthar na tithíochta sóisialta ag teastáil agus tá an chuspóir ábhartha sa ráiteas seo.

Cuirfidh rochtain theoranta ar bhonneagar iompair náisiúnta lena n-áirítear an t-iartród agus an mótarbhealach srian ar an bhfás cónaitheach fhoriomlán, ag cur comhdhlúthú foirm uirbeach chomhtháite Bhaile Átha Troim, a bhfuil go leor áiseanna ann, chun cinn. Beidh fás na lonnaíochta seo bunaithe ar phrionsabail na gcomharsanachtaí comhtháite inmharthana, a bhfuil tithíocht mheasctha chúil ann chun freastal ar riachtanais an phobail idir óg agus aosta i suíomhanna ar féidir siúl uathu chuig seirbhísí agus áiseanna.

6.0 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Tá cur chuige dírithe á chur i bhfeidhm ag an Straitéis Eacnamaíochta do Chontae na Mí 2014-2022 maidir le forbairt eacnamaíochta sa Chontae. De réir na straitéise seo, moltar cur chuige níos saincheaptha maidir le soláthar thailte fostaíochta i mBaile Átha Troim a thacóidh le ról an bhaile i gcur i bhfeidhm na Straitéise agus a éascóidh rogha infheistíochta.

Tá leibhéal suntasach úsáidí a chruthaíonn fiontar agus fostaíocht i mBaile Átha Troim a úsáideann cineálacha éagsúla (cóimheas Poist/Lucht Saothair 2016: 0.67). Tá siad seo suite go príomha i bpáirc tionsclaíochta Oaktree, i bPáirc Ghnó Bhaile an Scrológaigh agus ag tailte criosaithe don fhostaíocht ar an taobh theas de Bóthar na hUaimhe. Aimsíodh talamh breise in oirthear lár an bhaile le haghaidh forbraíochta fostaíochta agus cónaithe chun pobal 'cónaitheach oibre' inmharthana a fhorbairt agus chun bonneagar criticiúil a nascann Bóthar na hUaimhe agus Bóthar Bhaile Átha Cliath a sholáthar.

7.0 Miondíol

Liostaítear Baile Átha Troim mar Bhaile FoChontae ar Leibhéal 3 in Ordthas Miondíola Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath (MLBÁC) a chuimsíonn réimse áiseanna miondíola áise agus comparáide leordhóthanach chun freastal ar riachtanais laethúla dhaonra an cheantair. Ba chóir an bhéim a chur, mar sin de, ar chomhdhlúthú lár an bhaile agus ar mhiondíol eile a fhorbairt in éineacht le fás an daonra agus leibhéal éilimh an bhaile agus an cheantair máguaird. Meastar go bhfreastalaíonn spás urláir áise a tógadh le déanaí ar an éileamh reatha i mBaile Átha Troim agus, mar sin de, gur chóir go mbeadh aon riachtanas ar spás urláir breise ar scála níos ísle de réir fhás an daonra mar a leagtar síos sa Straitéis Miondíola don Phlean seo.

8.0 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Uisce: Cuireann Ionad Cóireála Uisce Bhaile Átha Troim cóireáil ar uisce a bhaintear ón mBóinn. Freastalaíonn sé ar Chnoc an Línsigh agus ar Ráth Moliain freisin. Tá toilleadh breise ann faoi láthair ach tá sé teoranta. Tá an Chomhairle ag obair i gcomhar le hUisce Éireann faoi láthair chun dul chun cinn a dhéanamh ar uasghrádú Caipitil. Táthar ag súil go dtabharfar chun críche é le linn shaolré an Phlean seo. Tá roinnt srianta ar an líonra freisin.

Fuíolluisce: Tá toilleadh breise ar fáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Átha Troim ach tá sé teoranta. Tá réamhthograí maidir le leathnú Caipitil ullmhaithe agus is féidir dul ar aghaidh leo nuair a bheidh toilleadh breise de dhíth.

9.0 Tuilte

Téann an Bhóinn trí lár n bhaile, ag cur go suntasach le carachtar an bhaile. Ceann de na príomhchúiseanna a roghnaigh Hugh de Lacy Baile Átha Troim mar cheanncheathrú aige in 1172 ná mar gheall ar a shuíomh straitéiseach ar an mBóinn.

Sainnithníodh tailte atá i mbaol tuilte sa Mheasúnú Straitéiseach Baol Tuilte a ullmhaíodh don Chontae. Chun an baol tuilte amach anseo a chosc nó a íoslaghdú, cuirfear cur chuige riosca-bhunaithe i dtaca le bainistiú tuile i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna *“Treoirlínte um an Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte d’Údarás Phleanála”* (2009) (Féach ar Chaibidil 6 Bonneagar).

10.0 Gluaiseacht

Cé nach bhfuil rochtain dhíreach aige ar mhótarbhealach ná líne iarnróid, tá an baile gar do líonra náisiúnta bóithre, agus nasctha go dlúth leis an Uaimh agus le Dún Seachlainn ar chonair an M3 agus ar chonair an M4 i gContae Chill Dara ó dheas. Aithníonn an Plean Forbartha reatha líon bóithre dáileacháin atá de bhreis ar riachtanais an bhaile, tá sé riachtanach go gcosnaítear cáilíochtaí oidhreachta an bhaile i gcomhthéacs sholáthar bonneagair riachtanaigh. Sa chomhthéacs seo tugadh tús áit don bhóthar ceangail idir Bhóthar na hUaimhe agus Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

11.0 Turasóireacht

D’aithin an Straitéis Eacnamaíochta do Chontae na Mí an fhéidearthacht atá ann chun Baile Átha Troim a fhorbairt mar chuid de mhol turasóireachta. Aithnítear go bhfuil tábhacht chriticiúil ag baint leis an turasóireacht maidir le forbairt eacnamaíochta Bhaile Átha Troim amach anseo agus ní mór don earnáil seo caipitliú a dhéanamh ar a mheallacht chultúrtha oidhreachta sa réigiún is mó dlúsdaonra sa tír. Tá féidearthacht shuntasach ag baint le hearnálacha eile nach mbaineann go príomha leis an oidhrecht chun líon na gcuariteoirí a mhéadú.

Tá ainmniú agus an mhargaíocht a dhéantar ar Bhaile Átha Troim i nGleann na Bóinne mar chuid de bhrandáil Oirthear Ársa na hÉireann dírithe ar Chaisleán breá Normannach Hugh de Lacy atá go hard os cionn thírdhreach Bhaile Átha Troim agus a dtacaíonn leibhéal ard de sholáthar lóistíocht óstán leis, bealaí siúil a théann thar láithreáin stairiúla; imeachtaí a dhéanann ceiliúradh ar oidhrecht mheánaoiseach na hÉireann agus bealaí siúil cois na habhann. D’éirigh le cur chun cinn Bhaile Átha Troim agus Ghleann na Bóinne mar cheann scríbe turasóireachta agus tá sé sin ag brath ar chothabháil charachtar agus oidhrecht bhunúsach an bhaile.

Tá infheistíocht leanúnach i lár baile d’ardchaighdeán dírithe ar Shráid an Mhargaidh, Shráid Gheata an Uisce, Shráid Emmet, Shráid an Chaisleáin, Finnegan’s Way agus ar an tSráid Mhór antábachtach, a bhfuil seirbhísí láidre ann a fhreastalaíonn ar éilimh cuairteoirí agus fóillíochta ar nós soláthar ionad cuairteoirí chun freastal ar an gcaisleán agus athúsáid halla an bhaile ar Shráid an Chaisleáin. Tacaíonn an Chomhairle le soláthar réimse lóistín d’ardchaighdeán do thurasóirí agus do chuariteoirí ag suíomhanna oiriúnacha. Maidir leis seo, aithníonn an Chomhairle gur gné thábhachtach i dtairiscint lóistín ná ionaid champála a sholáthar (i.e. carbháin shocra agus taistil, veain champála, glampáil agus

pubaill) agus ba chóir iad a spreagadh ag láithreán cuí, féach ar Chaibidil 4 Eacnamaíocht agus Fostaíocht, le do thoil, le haghaidh tuilleadh sonraí.

Rinne an chéad fhéile Púca ceiliúradh le déanaí ar Éirinn mar chliabhán Oíche Shamhna. Beidh sé mar aidhm ag na hionaid i mBaile Átha Troim, Baile Átha Buí agus Droichead Átha cuairteoirí ó i bhfad i gcéin a mhealladh go hÉirinn i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna amach anseo.

12.0 Bonneagar Sóisialta

Freastalaíonn réimse leathan áiseanna pobail ar Bhaile Átha Troim agus tá áis nádúrtha na Bóinne agus Porphfields chun leasa shuntasach saoránach agus cuairteoirí. Aimsíodh tailte suntasacha chun áiseanna breise a chur ann.

Tá spás suntasach oscailte don phobal ag an mbaile agus tá foráil ann d'áiseanna atá spás oscailte éighníomhach agus gníomhach chun a sochair, lena n-áirítear tailte spóirt a bhaineann le comhlachtaí éagsúla spóirt. Freastalaítear ar chuairoteoirí, a meallann ag gníomhaíochtaí allamuigh iad, i mBaile Átha Troim, le cúrsa gailf in Knightsbrook, Bealach Siúil Chaisleán Bhaile Átha Troim Cois na hAbhann agus Conair Stairiúil an Bhaile. An

Tá réimse leathan scoileanna ann a fhreastalaíonn ar leibhéal na bunscolaíochta agus na meánscolaíochta, chomh maith le deiseanna áirithe d'oideachas eile. I ndiaidh comhchomhairle a dhéanamh le Roinn an Oideachais níl aon phlean ann chun Gaelscoil na Bóinne, atá ann cheana, a athlonnú agus, mar sin de, níl aon chuspóir ag teastáil maidir leis seo.

13.0 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá lár mealltach ag Baile Átha Troim a bhfuil struchtúir chosanta iomadúla ann agus dhá Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA); LCA Lár Stairiúil Bhaile Átha Troim agus LCA Porph Field. Soláthraíonn tionscnaimh turasóireachta Ghleann na Bóinne agus Oirthear Ársa na hÉireann deiseanna suntasacha don bhaile chun sócmhainní stairiúla agus nádúrtha Bhaile Átha Troim a fhorbairt. Tugann réimse pobail d'ardchaighdeán agus rochtain ar thailte an Chaisleáin agus ar bhruacha na habhann luach agus áis shuntasach comhshaoil don bhaile.

Is cuspóir de chuid an phlean seo cosaint agus caomhnú oidhreacht shaibhir Bhaile Átha Troim. Beidh meas ag gach forbraíocht laisigh de nó in aice teorann lonnaíochta Bhaile Átha Troim ar shuíomh uathúil agus saibhreas seandálaíochta an bhaile agus lonnófar agus dearfar é dá réir sin.

14.0 Dearadh Uirbeach agus Réimse an Phobail

Ceann de shócmhainní Bhaile Átha Troim ná a fhoirm uirbeach stairiúil. Is ábhar bróid dá áitritheoirí é dreach an bhaile. Éiríonn go maith le Baile Átha Troim go seasmhach i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus bhuaigh sé bonn óir i gComórtas Entente Florale (2015). Rinneadh infheistíocht shuntasach le blianta beaga anuas maidir le feabhsúcháin ar chosáin, chomharthaí agus ar throsacán sráide.

15.0 Máistirphleananna

Tá dhá cheantar Máistirphlean aitheanta i mBaile Átha Troim. Is éard is aidhm do Mháistirphlean ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhtháite maidir le tailte a chéimniú, a bhainistiú agus a fhorbairt laistigh de Limistéar an Mháistirphlean. Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas mura mbeidh an Máistirphlean comhaontaithe i scríobh le Feidhmeannacht an Údaráis Phleanála ach más féidir a chruthú nach mbainfidh an t-iarratas ó chomhlíonadh chuspóirí an Mháistirphlean.

Máistirphlean	Cur Síos	Stádas
Máistirphlean 1	Baineann Máistirphlean 1 le forbairt forbraíochta cónaithí agus pobail mar chuid de thograí foriomlána d'iarbharglann beithíoch Potterton ar an taobh thuaidh de thimpeallán bhóthar Chnoc an Línsigh/Mhaigh Dearmhaí as Bóthar Faoisimh Laistigh Bhaile Átha Troim.	Le hullmhú
Máistirphlean 2	Baineann Máistirphlean 2 le meascán de thailte fostaíochta, cónaitheacha, pobail agus spáis oscailte suit ar an taobh thoir thuaidh de lár an bhaile. Tá tograí fiontair agus fostaíochta le forbairt mar aon le tithíocht sa stíl Fheidhmeannach chun forbairt phobal 'cónaitheach oibre' a éascú agus chun bonneagar bóithre an-tábhachtach a sholáthar a cheanglódh Bóthar na hUaimhe agus Bóthar Bhaile Átha Cliath.	Le hullmhú

16.0 Beartais agus Cuspóirí Fhorbairt an Bhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

TRM POL 1: Tacaíocht leanúnach a thabhairt do chomhdhlúthú Bhaile Átha Troim mar bhaile mealltach oidhreachta le heacnamaíocht éagsúil chomhaimseartha agus lár beoga ag teacht lena oidhrecht shuntasach chultúrtha náisiúnta agus a shuíomh álainn.

Cuspóir

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

TRM OBJ 1: Cur i bhfeidhm Croístraitéise Phlean Forbartha an Chontae a chinntiú, chomh fada agus is féidir, agus cinnte a dhéanamh nach sáraítear an léithdháileadh teaghligh do Bhaile Átha Troim mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

TRM OBJ 2 (Máistirphlean 1): Foráil a dhéanamh d'fhorbairt Cheanncheathrú Gnó agus/nó Corparáideach ardleibhéil, FDI go príomha, ar an taobh theas de Bhóthar na hUaimhe i mBaile Átha Troim. Ba chóir go mbeadh an fhorbairt ar bhonn céimnithe. Déanfar forbairt ar thograí fiontair agus

fostaíochta i bpáirt le tithíocht ar stíl Fheidhmeannach chun forbairt pobal inmharthana 'cónaitheach oibre' a éascú. Áirítear leis an Máistirphlean seo tograí mar gheall ar sholáthar bhóthar dáileacháin RT 1 agus droichead ag nascadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar na hUaimhe. Aontófar an Máistirphlean i scríbhinn le Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis Phleanála sula gcuirfear aon iarratas pleanála isteach.

TRM OBJ 3 (Máistirphlean 2): Foráil a dhéanamh d'fhorbairt fhorbraíocht ilchineálach chónaitheach agus pobail mar chuid de thograí foriomlána le haghaidh iarmharglann beithíoch Potterton ar an taobh thuaidh de timpeallán Bhóthar Chnoc an Linsigh/Mhaigh Dearmhaí as Bóthar Faoisimh Laistigh Bhaile Átha Troim. Déanfar forbairt ar bhonn céimnithe laistigh de shaolré Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim mar a aithnítear ar léarscáil chuspóirí chriosaithe um úsáid talaimh. Aontófar an Máistirphlean i scríbhinn le Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis Phleanála sula gcuirfear aon iarratas pleanála isteach.

TRM OBJ 4: Forbraíochtaí inlíonta agus talamh chúil laistigh de lár an bhaile a éascú i gcomhthéacs a bhfiúntais i leith an tsráid-dreacha atá ann cheana, an LCA agus na taitneamhachtaí amhairc i gcuid lárnach Bhaile Átha Troim a neartú.

TRM OBJ 5: Chun dul i ngleic leis an riachtanas aitheanta chun líon na tithíochta sóisialta i mBaile Átha Troim a mhéadú trí foráil a iarraidh le haghaidh tithíochta sóisialta de bhreis air sin atá ag teastáil de réir Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, ag brath ar mhaoiniú.

TRM OBJ 6: Forbairt láithreán atá ar fáil le haghaidh úsáidí fostaíochta oiriúnacha ag Páirc Ghnó Bhaile an Scrlógaigh agus Páirc Tionsclaíochta Oaktree a chur chun cinn.

TRM OBJ 7: Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt táirge turasóireachta Bhaile Átha Troim mar phríomhfhócas do ghiniúint fiontair agus fostaíochta.

TRM OBJ 8: Feabhsúcháin áiseanna ionad na gcuairteoirí i mBaile Átha Troim a éascú de réir na bhforálacha i Straitéis Turasóireachta Ghleann an Bóinne 2016-2020.

TRM OBJ 9: Tacaíocht a thabhairt d'athúsáid iar-Halla an Bhaile ar Shráid an Chaisleáin mar ionad cuairteoirí do Chaisleán Bhaile Átha Troim.

TRM OBJ 10: Tacaíocht a thabhairt d'athfhorbairt Leabharlann Bhaile Átha Troim agus iarShéipéal Naomh Pádraig a úsáid le haghaidh áiseanna cultúrtha.

TRM OBJ 11: Comhoibriú a dhéanamh le príomhthacadóirí chun Baile Átha Troim a chur chun cinn mar ionad d'oideachas agus d'fhoghlaim oidhreachta cultúrtha trí ghníomhaíochtaí ar nós tochailt pobail agus scoileanna allamuigh/samhraidh, mar shampla Láithreán Seandálaíochta na mBráithre Dubha.

TRM OBJ 12: Tacaíocht a thabhairt d'fhéilte agus d'imeachtaí atá ann cheana chun próifíl chultúrtha, oidhreachta agus stíl mhaireachtála Bhaile Átha Troim a chur chun cinn, ag brath ar shuíomh, rochtain, agus páirceáil shásúil chomh maith le cosaint na timpeallachta máguaird.

TRM OBJ 13: Tús áite a thabhairt do sholáthar Ghlasbhealach na Bóinne agus pleanáil a dhéanamh d'áiseanna agus naisc bainte leis san fhoirm uirbeach. Beidh soláthar Ghlasbhealach na Bóinne ag brath ar thoradh an phróisis Mheasúnachta Chúil. Áit a bhfuil éifeachtaí móra dóchúlacha ar Láithreáin Eorpacha aitheanta, forbrófar limistéir/dearáí malartacha chun cinntiú nach mbeidh drochéifeacht ag an nglasbhealach ar shláine aon Láithreáin Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí agus go ndéanfar aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag an tionscadal ar an Láithreáin Eorpach, a réiteach trí hionaid nó dearáí malartacha a iniúchadh. Más amhlaidh, d'ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go bhfuil riosca ann i gcónaí go ndéanfaidh an togra díobháil do shláine an láithreáin Eorpaigh, cuirfear stop leis an obair ar an nglasbhealach nó ar an gcuid áirithe sin den ghlasphealach mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/ laghdódh an éifeacht ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaigh/na Láithreáin Eorpach níos mó.

TRM OBJ 14¹: Ag feitheamh ar athbhreithniú ar sheachadadh an ghréasáin iomlán bóithre dáileacháin (a thosóidh laistigh de bhliain i ndiaidh ghlacadh an Phlean), conair maidir le bóithre cheangail dáileacháin a sholáthar ó fhorbairt bhreise a chosaint agus a dhaingniú (mar a ndírítear chun tógáil ag brath ar ródú, measúnacht timpeallachta agus measúnacht chuí), ar a n-áirítear na bealaí seo a leanas:

RT 1: Tógáil an nasc bhóthar dáileacháin áitiúil idir Bóthar Bhaile Átha Cliath ag Iffearnóg agus Bóthar na hUaimhe ag Páirc na Mótar, lena n-áirítear droichead nua thar an mBóinn ag brath ar Mheasúnú Oiriúnach agus comhairliúchán agus riachtanais Sheirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus lascach Intíre Éireann.

RT 2: Bóthar dáileacháin áitiúil ag nascadh Bhóthar Bhaile Átha Buí leis an mbóthar dáileacháin áitiúil ar an taobh thiar de cheantar Forleathnaithe Lár an Bhaile, lena n-áirítear droichead nua thar an mBóinn (cuspóir fhadtéarmach) ag brath ar Mheasúnú Oiriúnach agus comhairliúchán agus riachtanais Sheirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus lascach Intíre Éireann.

RT 3: Tógáil an bóthar dáileacháin áitiúil ar an taobh thiar de cheantar Forleathnaithe Lár an Bhaile ag nascadh le Bóthar Chionn Átha Gad. Soláthraítear é seo i bpáirt leis an bhforbraíocht ar an taobh díreach thoir. Ní dhéanfar aon fhorbairt ar na tailte díreach ar an taobh thoir go dtí go bhfuil an chuid seo den bhóthar dáileacháin críochnaithe. Ba chóir go bhfaighfeadh an bóthar seo maoiniú ó fhorbairt fhorleathnú lár an bhaile.

RT 4: Tógáil bóthar dáileacháin áitiúil ag nascadh Bhóthar Chionn Átha Gad le Bóthar Mhaigh Dearmhaí. Soláthrófar é seo mar chuid den Mháistirphlean do na tailte seo.

RT 5: Tógáil bóthar dáileacháin áitiúil ag nascadh Bhóthar Mhaigh Dearmhaí agus Bóthar Chnoc an Línsigh. Soláthrófar é seo i bpáirt le tailte tionsclaíochta díreach ar an taobh thuaidh.

Braithfidh forbairt na tionscadal bóithre sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreán Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna ná tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bhearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar an Láithreán Eorpach nó na Láithreáin Eorpacha, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar aige ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreáin Eorpach.

TRM OBJ 15: Feabhsúcháin sa réimse poiblí a dhéanamh ar fud an bhaile agus thar Shráid an Mhargaidh agus ag an aomhal le Sráid Gheataí an Uisce.

¹ Téann an chuspóir seo le CUS IOM 12 i bPlean Forbartha Bhaile Átha Troim 2014-2020